C/2024/6346

7.11.2024

P9_TA(2024)0055

Iarraidh ar dhíolúine Georgios Kyrtsos a tharscaoileadh

Cinneadh ó Pharlaimint na hEorpa an 6 Feabhra 2024 ar an iarraidh ar dhíolúine Georgios Kyrtsos a tharscaoileadh (2023/2185(IMM))

(C/2024/6346)

Tá Parlaimint na hEorpa,

— ag féachaint don iarraidh ar tharscaoileadh dhíolúine Georgios Kyrtsos ón Ionchúisitheoir Poiblí ag Cúirt Chéadchéime na hAithne i ndáil le himeachtaí coiriúla, arna tarchur ag Leas-Ionchúisitheoir Chúirt Uachtarach na Gréige le litir dar dáta an 27 Meitheamh 2023 agus a fógraíodh sa suí iomlánach an 10 Iúil 2023,

— tar éis éisteacht a thabhairt do Georgios Kyrtsos i gcomhréir le Riail 9(6) dá Rialacha Nós Imeachta,

— ag féachaint d'Airteagail 8 agus 9 de Phrótacal Uimh. 7 ar Phribhléidí agus Díolúintí an Aontais Eorpaigh agus d'Airteagal 6(2) den Ionstraim maidir le toghadh comhaltaí de Pharlaimint na hEorpa trí vótáil chomhchoiteann dhíreach an 20 Meán Fómhair 1976,

— ag féachaint do na breithiúnais a thug Cúirt Bhreithiúnais an Aontais Eorpaigh an 21 Deireadh Fómhair 2008, an 19 Márta 2010, an 6 Meán Fómhair 2011, an 17 Eanáir 2013 agus an 19 Nollaig 2019 ([1]),

— ag féachaint d'Airteagal 62 de Bhunreacht na Poblachta Heilléanaí,

— ag féachaint do Riail 5(2), do Riail 6(1) agus do Riail 9 dá Rialacha Nós Imeachta,

— ag féachaint don tuarascáil ón gCoiste um Ghnóthaí Dlíthiúla (A9-0028/2024),

A. de bhrí gur iarr Ionchúisitheoir Chúirt Chéadchéime na hAithne tarscaoileadh dhíolúine Georgios Kyrtsos, Feisire de Pharlaimint na hEorpa a toghadh don Ghréig, i ndáil le himeachtaí coiriúla a thionscnófar ina choinne mar gheall ar neamhíoc méid áirithe atá dlite do Stát na Gréige;

B. de bhrí go gcuirtear ina leith Georgios Kyrtsos, ina cháil mar leas-stiúrthóir bainistíochta ar an gcuideachta KMP Ekdotiki Anonimi Etaireia [KMP Publishing plc], nár íoc sé méid áirithe atá dlite do Stát na Gréige;

C. de bhrí gur cion é an gníomh a líomhnaítear a rinne Georgios Kyrtsos nár íocadh fiacha leis an Stát faoi Airteagal 25(1)(b) de Dhlí na Gréige Uimh. 1882/90, arna ionadú le hAirteagal 23(1) de Dhlí na Gréige 2523/97, arna leasú le hAirteagal 18(2) agus 28(2-4) de Dhlí na Gréige Uimh. 2948/01, arna fhorlíonadh le hAirteagal 34 de Dhlí na Gréige Uimh. 3016/02, le hAirteagal 34(1) de Dhlí na Gréige Uimh. 3220/04 agus le hAirteagal 3(1) de Dhlí na Gréige Uimh. 3943/11, arna ionadú le hAirteagal 20 de Dhlí na Gréige Uimh. 4321/15, arna leasú le hAirteagal 71(2) de Dhlí na Gréige Uimh. 4174/13, a cuireadh isteach le hAirteagal 8 de Dhlí na Gréige Uimh. 4337/15 agus arna fhorlíonadh le hAirteagal 469 de Dhlí na Gréige Uimh. 4619/19;

D. Is é is cuspóir do dhíolúine pharlaiminteach ná Parlaimint na hEorpa agus a Feisirí a chosaint ar imeachtaí dlíthiúla a bhaineann le gníomhaíochtaí a dhéantar agus dualgais pharlaiminteacha á gcomhlíonadh acu agus ar gníomhaíochtaí iad nach féidir a scaradh ó na dualgais sin; de bhrí gur léir nach bhfuil aon nasc díreach ag an gcion líomhnaithe le gníomhaíochtaí Georgios Kyrtsos mar Fheisire de Pharlaimint na hEorpa, ach ina ionad sin go mbaineann sé lena phost mar bhainisteoir ar a chuideachta nuachtáin;

E. de bhrí nach ionann an cion líomhnaithe agus tuairimí a tugadh nó vótaí a caitheadh agus dualgais Georgios Kyrtsos á gcomhlíonadh aige mar Fheisire de Pharlaimint na hEorpa de réir bhrí Airteagal 8 de Phrótacal Uimh. 7 ar Phribhléidí agus Díolúintí an Aontais Eorpaigh;

([1]) breithiúnas ón gCúirt Bhreithiúnais an 21 Deireadh Fómhair 2008, *Marra v De Gregorio agus Clemente, C-200/07* agus C-201/07, ECLI:EU:C:2008:579; breithiúnas ón gCúirt Ghinearálta an 19 Márta 2010, *Gollnisch v Parlaimint*, T-42/06, ECLI:EU:T:2010:102; breithiúnas ón gCúirt Bhreithiúnais an 6 Meán Fómhair 2011, *Patriciello*, C 163/10, ECLI: AE:C:2011:543; breithiúnas ón gCúirt Ghinearálta an 17 Eanáir 2013, *Gollnisch* v *an Pharlaimint*, T-346/11 agus T-347/11, ECLI:EU:T:2013:23; breithiúnas ón gCúirt Bhreithiúnais an 19 Nollaig 2019, *Junqueras Vies*, C-502/19, ECLI:EU:C:2019:1115.

F. de bhrí, de bhun Airteagal 9 de Phrótacal Uimh. 7 ar Phribhléidí agus Díolúintí an Aontais Eorpaigh, go dteachtann Feisirí de Pharlaimint na hEorpa, i gcríoch a Stáit féin, na díolúintí a thugtar do chomhaltaí pharlaimint a dtíre, agus i gcríoch aon Bhallstáit eile, díolúine ó aon bheart coinneála agus ó aon imeachtaí dlíthiúla; de bhrí nach féidir díolúine a agairt nuair a gheofar Feisire i mbun cion a dhéanamh ná cosc a chur ar cheart Pharlaimint na hEorpa díolúine duine dá Feisirí a tharscaoileadh.

G. de bhrí go bhforáiltear le hAirteagal 62 de Bhunreacht na Poblachta Heilléanaí nach bhféadfar, le linn a dtéarma pharlaimintigh, Feisirí parlaiminte a ionchúiseamh, a ghabháil, a phríosúnú ná a theorannú ar shlí eile gan údarú roimh ré ón bParlaimint;

H. de bhrí, sa chás sin, nár aimsigh an Pharlaimint aon fhianaise ar *fumus persecutionis*, is é sin le rá gnéithe fíorasacha a léiríonn gur tionscnaíodh an t-imscrúdú breithiúnach i dtrácht le hintinn damáiste a dhéanamh do ghníomhaíocht pholaitiúil an Fheisire ina cháil mar Fheisire de Pharlaimint na hEorpa;

I. de bhrí gur faoi Pharlaimint na hEorpa amháin atá sé a chinneadh cibé acu a tharscaoilfidh sí nó nach dtarscaoilfidh sí díolúine i gcás ar leith; de bhrí gur féidir le Parlaimint na hEorpa seasamh an Fheisire a chur san áireamh go réasúnach chun a chinneadh cibé acu a dhéanfaidh siad nó nach ndéanfaidh sé/sí a dhíolúine/díolúine a tharscaoileadh ([2]); de bhrí, ag a éisteacht, gur luaigh Georgios Kyrtsos nár chuir sé i gcoinne a dhíolúine pharlaiminteach a tharscaoileadh;

J. de bhrí nach féidir le Parlaimint na hEorpa ról cúirte a ghlacadh, agus de bhrí nach féidir, i nós imeachta um dhíolúine a tharscaoileadh, Feisire a mheas mar chosantóir ([3]);

1. á chinneadh díolúine Georgios Kyrtsos a tharscaoileadh;

2. á threorú dá hUachtarán an cinneadh seo agus tuarascáil a coiste fhreagraigh a chur ar aghaidh láithreach chuig údaráis inniúla na Gréige agus chuig Georgios Kyrtsos.

([2]) breithiúnas ón gCúirt Ghinearálta an 15 Deireadh Fómhair 2008, *Mote* v *an Pharlaimint*, T-345/05, ECLI:EU:T:2008:440, mír 28;
([3]) breithiúnas ón gCúirt Ghinearálta an 30 Aibreán 2019, *Briois* v *Parlaimint*, T-214/18, ECLI:EU:T:2019:266;